



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2020

Bitheolaíocht

Ranna A agus B agus Freagarleabhar

Ardleibhéal

3 uair an chloig

400 marc

Scrúduimhir

<input type="text"/>					
----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Lá agus Mí do Bhreithe

<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>	<input type="text"/>
----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Mar shampla, cuirtear
3 Feabhra isteach mar 0302

Stampa an Ionaid

<input type="text"/>

Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus lá agus mí do bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do fhreagraí ar gach cuid den scrúdú sa fhreagarleabhar seo. Déanfar an freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de spásanna na bhfreagraí.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch dubh nó gorm. Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá trí roinn sa scrúdú seo. Tá ceisteanna Roinn **C** ar fáil i gceistpháipéar ar leith ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa fhreagarleabhar seo.

Moltar duit gan níos mó ná 30 nóiméad a chaitheamh ar Roinn **A** agus 30 nóiméad ar Roinn **B**, sa tslí go mbeidh 120 nóiméad agat do Roinn **C**.

Roinn **A** Freagair **cúig** cheist ar bith as an roinn seo.
 Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist.

Roinn **B** Freagair **dhá** cheist ar bith as an roinn seo.
 Tá 30 marc ag gabháil le gach ceist.

Roinn **C** Freagair **ceithre** cheist ar bith as an roinn seo.
 Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.

Roinn A
Freagair cúig cheist ar bith.
Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

1. Freagair **cúig** cinn ar bith de na codanna (a) go (f) a leanas:

- (a) Tabhair sampla **amháin** de riandúil in aiste bia an duine.

- (b) Ainmnigh na **trí** dhúil cheimiceacha a fhaightear sna lipidí go léir.

- (c) Ainmnigh an bunaonad dá bhfuil lipidí déanta.

- (d) Sampla de chonair mheitibileach in orgánaigh is ea an riospráid. Cén cineál conaire meitibilí atá i gceist?

- (e) Cad is brí leis an téarma *polaisiúicríd*?

- (f) Ainmnigh polaisiúicríd stórála a fhaightear in ainmhithe.

2. Freagair an cheist seo maidir le prionsabail na turgnamhaíochta.

Rinne eolaí triail chun iniúchadh a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag úsc luibhe (planda) ar an ráta téarnaimh ó shlaghdán.

Roghnaíodh deichniúr cairde a raibh slaghdán orthu chun páirt a ghlacadh sa triail. Rinneadh dhá ghrúpa (A agus B) den deichniúr, cúigear an ceann. Tugadh gloine den úsc luibhe le hól do gach duine i ngrúpa A, agus tugadh gloine uisce le hól do gach duine i ngrúpa B. Rinneadh monatóireacht ar ráta téarnaimh na ndaoine thar thréimhse 24 uair an chloig.

- (a) Cén cuspóir a bhíonn le turgnamh a dhéanamh?

--

- (b) Cén fáth a n-úsáidtear cóimheastóir de ghnáth nuair a dhéantar turgnamh?

--

- (c) Cé acu grúpa a bhí mar an grúpa cóimheastóra?

--

- (d) Tabhair **dhá** chúis a laghdaíonn an modh inar roghnaíodh na rannpháirtithe iontaofacht na dtorthaí.

1.
2.

- (e) Agus samplaí as an téacs á úsáid agat, seachas modh roghnaithe na rannpháirtithe, tabhair **dhá** shlí chun a thaispeáint conas a d'fhéadfaí dearadh an turgnaimh a fheabhsú.


1.
2.

3. Cuir tic (✓) sa bhosca cuí lena thaispeáint cé acu fíor nó bréagach atá **gach** ceann de na ráitis seo a leanas.

Fíor	Bréagach

- (a) Crapann snáithíní fearsaide le linn mheiteapas na miotóise.
- (b) Táirgeann cealla giosta glúcós le linn an choipthe.
- (c) Déantar prótéin de thoradh phróiseas an aistrithe.
- (d) Bíonn núicléas i gcealla prócarótacha.
- (e) Ba iad Darwin agus Wallace a mholt Teoiric an Roghnaithe Nádúrtha.
- (f) Bíonn tionchar diúltach ann i gcónaí don chill nuair a thagann sóchán ar DNA na cille.
- (g) Is i ribeasóm na cille a bhíonn na crómasóim.

4. Sa léaráid, taispeántar cuid de struchtúr DNA.



(a) Cad dó a seasann na litreacha DNA?

(b) Sainaithin móilín **G**.

(c) Fo-aonad DNA is ea an struchtúr ar a bhfuil an lipéad J. Sainaithin an struchtúr ar a bhfuil an lipéad J.

(d) Ainmnigh an chuid ar a bhfuil an lipéad K.

(e) Ainmnigh an cineál nasctha a tharlaíonn ag L.

(f) Ainmnigh difear struchtúrach **amháin** idir DNA agus RNA, seachas líon na ndual.

(g) Tabhair suíomh neamh-núicléach **amháin** i gcealla ina bhfaightear DNA.

5. Tabhair feidhm **amháin** atá ag gach ceann de na struchtúir seo a leanas atá i gcorp an duine:

- (a) Cón sa tsúil.

- (b) An néaróg optach.

- (c) An t-inteachán sa tsúil.


- (d) An feadán Eostach sa chluas.

- (e) Na canálacha leathchiorclacha sa chluas.

- (f) Ballnaisc sna haitl.

- (g) An loingeán timpeall bhun agus bharr na gcnámh.

6. Sa léaráid, taispeántar struchtúr néarónin chéadfaigh i gcorp an duine.



- (a) Sainaithin an chuid sin den néarón a bhfuil an lipéad **B** uirthi.

- (b) Ainmnigh an tsubstaint (no grúpa substaintí) a scoileann **A** le linn néar-ríge.

- (c) Ainmnigh an tsubstaint a tháirgeann cill Schwann.

- (d) Cén fheidhm atá ag an tsubstaint sin a ainmníodh in (c) le linn néar-ríge?

- (e) Sa bhosca atá ar fáil gar don léaráid, **tarraing saighead** chun treo na ríge a thaispeáint.

- (f) Is dhá neamhord de chóras néarógach an duine iad galar Parkinson agus an phairilis. Roghnaigh galar Parkinson **nó** an phairilis agus mol an chúis a d'fhéadfadh a bheith leis agus conas is féidir é a chóireáil.

Neamhord:
Cúis:
Cóireáil:

Roinn B

Freagair dhá cheist ar bith.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá ann dóibh.

Gabhann 6 mharc le cuid (a) agus gabhann 24 marc le cuid (b) i ngach ceist sa roinn seo.

7. (a) (i) Cad is einsím dhíluailithe ann?

ANSWER

- (ii) Tabhair buntáiste **amháin** a bhaineann le heinsími díluailithe a úsáid.

ANSWER The answer is 1000.

- (b) Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir le hiniúchadh a rinne tú chun einsím nó cill a dhíluailíú, agus scrúdaigh an fheidhm a bhaintear aisti.

Ainmnigh an einsím nó an chill a d'úsáid tú.

ANSWER The answer is 1000.

- (i) Déan cur síos ar conas a rinne tú an einsimh nó an chill sin a dhíluailiú.

- (ii) Tabhair breac-chuntas ar conas a d'úsáid tú an einsím nó an chill dhíluailithe chun an fheidhm a bhaintear aisti a scrúdú.

8. (a) (i) Cad is brí leis an téarma *péacadh*?

- (ii) Luaign **trí** thoisci atá riachtanach chun go n-éireoidh le péacadh.

- (b) Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir le hiniúchadh a rinne tú chun gníomhaíocht díleá le linn péacadh síl a thaispeáint.

Luaign cé acu agar stáirse nó agar bainne bhearrtha (próitíne) a d'úsáid tú.

- (i) Cén fáth ar cuireadh na síolta ar maos in uisce roimh an iniúchadh?

- (ii) Déan cur síos ar conas a d'ullmhaigh tú na síolta a thuilleadh, agus conas a chuir tú leis an bpláta/na plátaí agair iad.

- (iii) Cad iad na dálaí inar stóráil tú an pláta/na plátaí ina raibh na síolta chun ligean don phéacadh tarlú?

- (iv) Conas a rinne tú tástáil chun a thaispeáint gur tharla an díleá?

- (v) Luaign an toradh a thaispeáin gur tharla díleá.

9. (a) (i) Cén fáth a gcoimeádtar an fhuil ar thaobh deas an chroí scartha ón bhfuil ar an taobh clé?

- (ii) Maidir le buille an chroí, cad is brí leis an téarma *diastól*?

- (b) Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir le hiniúchadh a rinne tú chun codanna croí caorach nó croí daimh a dhioscadh, a thaispeáint agus a shainaithint.

- (i) Conas a d'aithin tú taobh deas an chroí óna thaobh clé?

- (ii) Cén dromchla den chroí ar a bhfaca tú an t-artaire corónach (eitre chorónach)?

- (iii) Dean cur síos ar conas a dhiosc tú an croí chun an chomhla dhéchuspach a shainaithint.

- (iv) Sonraigh go cruinn suíomh comhla corránaí **amháin, agus** déan cur síos ar conas a dhiosc tú an croí a thuilleadh chun an chomhla seo a aimsiú.

Freagarleabhar do Roinn C

Treoracha

Tá na ceisteanna do Roinn C i gceistpháipéar ar leithligh.

Cuir tú s leis an bhfreagra ar gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca atá ag barr gach leathanach. Bain úsáid as an gcolún ar chlé chun gach cuid a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.

Part <i>Cuid</i>	Question <i>Ceist</i>	0 4	Start each question on a new page <i>Cuir tú s le gach ceist ar leathanach nua</i>
(a)			
(b)(i)			
(b)(ii)			

Tá ceithre leathanach grafpháipéir le fáil i gcúl an fhreagarleabhair seo. I gcás na leathanach grafpháipéir, tá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste ag bun an leathanach.

Ní gá duit úsáid a bhaint as gach leathanach sa fhreagarleabhar seo. Mura bhfuil go leor spáis agat sa fhreagarleabhar seo, tig leat tuilleadh páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch dubh nó gorm. Ní ceadmhach duit peann luaidhe a úsáid ach amháin le haghaidh sceitsí, graf agus léaráidí.


Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist



Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua


Cuid


Ceist





Cuir tú le gach ceist ar leathanach nua

Cuid









Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

Bitheolaíocht Ranna A agus B agus Freagarleabhar

3 uair an chloig



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta 2020

Bitheolaíocht

Róinn C
Ardleibhéal

240 marc

Ná tabhair ar ais an ceistpháipéar seo

Roinn C

Freagair ceithre cheist ar bith.

Scríobh do fhreagraí sa fhreagarleabhar ina bhfuil Roinn A agus Roinn B.

10. (a) (i) Cén fáth a bhfuil sé riachtanach go mbeadh oiriúnú in orgánach i leith a ghnáthóige?
(ii) Ainmnigh **dhá** chineál oiriúnaithe a fheictear in orgánach. (9)

- (b) Is planda ornáideach dúchasach de chuid na Sile é an Gunnaire (*Gunnera tinctoria*), agus tugtar an oll-bhiabhóig air. Tá lanna duille aige atá cosúil le scáth fearthainne a fhásann suas le dhá mhéadar ar airde, agus tá líon mór bláthanna bídeacha aige. Tá taifead déanta den planda ollmhór seo a bheith in 1,168 láthair ar Acaill, agus sníomhann sé a bhealach ionrach ar feadh na n-aillte, cois na sruthán, ar thaobh na mbóithre agus trí na cluainte taise. Ar an gcaoi sin, cuireann sé an fásra dúchais faoi scáth agus cruthaítar carnáin mhóra síolta a bhrúnn amach gach ní eile. Den chuid is mó, leathann an Gunnaire trí riosóim dhromchlacha théaltaitheacha (gais chothrománacha) agus trí bhlúirí planda a scaipeadh, seachas trí éanlaith ag ithe na síolta. Níl ag éirí le scéimeanna díothaithe na gcomhairí contae, mar go bpéacann duillí úra ó riosóim a nimhíodh go páirteach le luibhicíd ghliofoiséite, agus bíonn na carnáin mhóra síolta ag faire na faille chun dul i gceannas na háite. Tá an Gunnaire ar cheann den bheagán plandaí bláthha a dhéanann a nítrigin féin a fhosú trí chianabaictéir nimhiúla a óstáil ina chealla. De bharr go dteastaíonn uisce, taise agus geimhreadh gan sioc ón bplanda, is ar feadh chósta thiar na hÉireann agus an cheantair máguaird is mó a bhíonn an planda ar fáil.

(*Curtha in oiriúint ó ‘Gunning for Gunnera: ornamental wonder or ecological menace?’, The Irish Times, 15 Márta, 2013.*)




- (i) Tabhair **dhá** mhodh trína bhfaigheann an *Gunnaire* an ceann is fearr ar phlandaí dúchasacha na hÉireann.
(ii) Cén modh a úsáidtear de ghnáth chun pobal *Gunnairí* a shrianadh?
(iii) Mol cúis **amháin** a bhfásann an *Gunnaire* chomh rathúil sin in ithir bhocht.
(iv) D’fhéadfadh sé nach n-éireodh le srianadh bitheolaíochta, trí luibhiteoirí a úsáid, chun an pobal *Gunnairí* a shrianadh. Mol cúis **amháin** leis sin.
(v) Mol **dhá** shlí ina bhféadfadh an *Gunnaire* ionradh agus coilíníú a dhéanamh ar cheantair nua.
(vi) Ainmnigh **dhá** thoisc aibitheacha a bhfuil teorainn curtha acu le scaipeadh *Gunnairí* in Éirinn. (27)
- (c) (i) Luagh cúis **amháin** a bhfuil tábhacht le suirbhéireacht éiceolaíochta.
(ii) Is féidir róil orgánach in aistriú fuinnimh in éiceachóras a léiriú trí mhodhanna éagsúla a úsáid.
 1. Ainmnigh an t-éiceachóras a ndearna tú staidéar air.
 2. Tarraing slabhra bia ón éiceachóras ainmnithe sin ina bhfuil ceithre bhall (leibhéal thrófacha).
 3. Cén fath nach mbíonn ach ceithre no cúig bhall, den chuid is mó, i slabhra bia?
 4. Tarraing pirimid uimhreacha chun an slabhra bia sin a léiriú.
 5. Ar do phirimid uimhreacha, léirigh suíomh na nithe seo a leanas:
 1. an táirgeoir **agus** 2. an tomhaltóir tánaisteach.
 6. Tabhair teorainn **amháin** a bhaineann le pirimidí uimhreacha a úsáid.

(24)

11. (a) (i) Ainmnigh an cineál cothaithe a léiríonn orgánaigh a bhíonn i mbun fótaisintéise.
(ii) Scríobh cothromóid chothromaithe cheimiceach chun achoimre a dhéanamh ar an bhfótaisintéis.

(9)

- (b) Sa léaráid, tá trasghearradh (T.S.) de dhuille atá ag fás i gceantar grianmhar.



- (i) Cad é ról na stómaí san fhótaisintéis?
(ii) Cén chuid lipéadaithe (A, B nó C) a mbeifeá ag súil leis an líon is mó clóraplast ina chealla?
(iii) Bíonn móilíní clóraifille sna clóraplastaí. Cad é ról na móilíní clóraifille san fhótaisintéis?
(iv) Cad iad na cáithníní a scaoiltear ón gclóraifill le linn chéim sholas-spleách na fótaisintéise.
(v) Téann na cáithníní sin isteach i gceann amháin de dhá chonair.
Tabhair cuntas ar na himeachtaí a tharlaíonn i **gconair 2**.

(27)

- (c) Freagair na ceisteanna seo a leanas maidir le dara céim na riospráide aeróbaí.


- (i) Ainmnigh an móilín 3 carbón a théann isteach sa mhíteacoindre.
(ii) Ainmnigh an **dá** mhóilín ina bhfuil carbón agus a tháirgtear nuair a bhristear síos an móilín 3 carbón a luaitear ag (i) thusa.
(iii) Tarlaíonn sraith imoibrithe do cheann de na móilíní ina bhfuil carbón a chruthaítéar ag (ii) thusa. Ainmnigh an tsraith imoibrithe a tharlaíonn.
(iv) Tabhair breac-chuntas ar na himeachtaí a tharlaíonn sa slabhra (córás) iompair leictreon.

(24)

12. (a) (i) Cad is brí leis an téarma *oidhreachtúlacht*?
(ii) Luaigh Dlí Mendel na Saorshórtála (2^ú Dlí).

(9)

- (b) Sa tsraith íomhána thíos, léirítear ceithre phríomchéim na teicníce próifílithe DNA a cheap Sir Alec Jeffreys in 1984.



- (i) Déan idirdhealú idir próifíliú DNA agus scagthástail ghéiniteach.
- (ii) Mínigh **gach** ceann de na céimeanna, **1 go 4**, atá sa phróifíliú DNA a léirítear thuas.
- (iii) Tabhair **dhá** fheidhm ar bith a bhaintear as próifíliú DNA.
- (iv) Bíonn an phróifíl DNA chéanna ag cúpla comhionann. Mínigh an chúis leis sin.

(27)

- (c) Sna cearda Andalúiseacha, léiríonn an ailléil don chlúmh dubh (D) ceannas neamhionnlán ar an ailléil don chlúmh bán (d). Nuair a chrosáiltear coileach dubh homaisigeach (fireannach) le cearc bhán homaisigeach (bhaineannach), bíonn feinitíopa idirmheánach ag na sicní go léir a thagann amach feasta, feinitíopa a léiríonn dath breac (Dd) a dtugtar “gorm” air.

- (i) Mínigh na téarmaí a bhfuil líne fúthu sa sliocht thuas.
- (ii) Aimsigh na géinitíopaí agus na feinitíopaí go léir a d'fhéadfadh a bheith ag an sliocht a thiocfadh de thoradh chrosáil na gcearc seo a leanas:

coileach “gorm”	X	cearc “gorm”
-----------------	---	--------------

I do fhreagra, bíodh an cóimheas idir na feinitíopaí a thiocfadh dá bharr.
- (iii) Cén éifeacht a bheadh ar chóimheas feinitíopaí an tsleachta, sa chrosáil ghéiniteach ag (ii) thuas, i gcás **nach raibh** ceannas neamhionnlán idir an dá ailléil i gcomhair dhath an chlúimh, agus go raibh an clúmh dubh ina thréith cheannasach agus an clúmh bán ina thréith chúlaitheach?

(24)

13. (a) (i) Mínigh cad is brí leis an téarma *hoiméastáis*.
(ii) Tabhair cúis **amháin** a bhfuil hoiméastáis tábhachtach in orgánaigh.
(iii) Mínigh cad is brí leis an téarma *eisfhearadh*.


(9)

- (b) Bíonn uisce, salainn agus úiré san fhual a tháirgeann an duán.

- (i) Luagh, go cruinn, an suíomh sa chorp ina ndéantar úire.
(ii) Ainmnigh an bithmhóilín bia óna ndíorthaítar úire. Coirtéis —————

- (iii) Ar dheis, taispeántar léaráid de dhuán an duine.

1. Cén chuid den duán ina bhfuil capsúl Bowman?
2. Cén chuid den duán ina bhfuil Lúb Henle?
3. Ainmnigh an chuid ar a bhfuil lipéad 'A'.



Peilbheas

- (iv) Tarraing léaráid mhór de neafrón agus an soláthar fola atá bainteach leis i nduán an duine. Cuir lipéad ar na codanna seo a leanas:

Capsúl Bowman	Lúb Henle	Fidín neasach comhchasta
Ducht tiomsaithe	Fidín aimhneasach comhchasta	Gomarúlach

(27)

- (c) Sa tábla seo thíos, taispeántar comhdhéanamh ionadaíoch an phlasma fola, na scagáite glomarúlaí agus an fhuail ó ghnáthdhuine fásta, (gach ceann díobh ar leith in g/100 cm³ sreabháin).

	Plasma Fola	Scagáit Ghlomarúlach	Fual
Úiré	0.03	0.03	1.8
Glúcós	0.1	0.1	0
Próiténí	7	0	0

- (i) Bunaithe ar na sonraí sa tábla thus, cad é an príomh dhifear idir comhdhéanamh an phlasma fola agus comhdhéanamh na scagáite glomarúlaí?
Mínigh an fáth atá leis sin.

- (ii) Agus úsáid á baint as na sonraí sa tábla thus, maidir le glúcós, mínígh na torthaí a fuarthas i gcomhdhéanamh na sreabhán:


1. Idir plasma fola agus scagáit ghlomarúlach.
2. Idir scagáit ghlomarúlach agus fual.

- (iii) Agus úsáid á baint as do chuid eolais ar an hoiméastáis agus eisfhearadh:

1. Luagh an **éifeacht** a bhíonn ar an toirt fual a tháirgtear de bharr iontógáil ard salainn.
2. Mínigh do fhreagra ar chuid 1.


(24)

- (a) Sa léaráid thíos, tugtar achoimre ar chuid de na hathruithe a tharlaíonn sa bhaineannach daonna tipiciúil le linn an timthrialla mhíosta. Freagair na ceisteanna a leanas bunaithe ar an léaráid seo.



- (i) Cad é ról an timthrialla mhíosta?
 - (ii) Ainmnigh an rud a tharlaíonn idir laethanta 1 go 5 den timthriall.
 - (iii) Is de thoradh titim mhór i leibhéal hormóin áirithe a chuirtear túis leis an rud a d'ainmnigh tú ag (ii) thus. Ainmnigh an hormón.
 - (iv) Cá dtáirgtear an hormón éastráigin?
 - (v) Agus úsáid á baint as an ais ama sa ghráf thus, sceitseáil graf i do fhreagarleabhar chun na hathruithe i leibhéal na héastráigine le linn an timthrialla a léiriú.
 - (vi) Ainmnigh an rud a tharlaíonn ar lá 14, **agus** ainmnigh an hormón is cúis leis sin.
 - (vii) Ainmnigh an struchtúr a bhíonn ann de réir mar a thagann forbairt ar fhalacail Graafian tar éis lá 14.
 - (viii) An léiríonn an graf gur tháinig bean chun a bheith torrach le linn an timthrialla mhíosta sin? Mínigh do fheagra.
- (b) Freagair na ceisteanna seo a leanas ón eolas atá agat ar an atáirgeadh gnéasach i bplandaí bláthá.
- (i) Déan mionchur síos ar na nithe leo a leanas:
 1. Forbairt an ghráinne pailine ó mháthairchill micreaspóir.
 2. Na rudaí a tharlaíonn do ghráinne pailine aibí i ndiaidh an phailnithe suas go dtí an toirchiú dúbailte.
 - (ii) Tabhair **dhá** oriúnú i mbláthanna gaothphailnithe a chuireann lena seansanna ar phailniú rathúil a dhéanamh.
 - (iii) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann leis an atáirgeadh gnéasach i bplandaí nach mbaineann leis an atáirgeadh éignéasach.

- (c) Speiceas baictéir is ea *Clostridium difficile* (C.diff) atá frithsheasmhach in aghaidh an iliomad antaibheatheach (drugaí), agus is féidir leis ionspóir a ghiniúint mar fhreagairt ar dhálaí timpeallachta díobhálacha.
- Tarraing léaráid mhór lipéadaithe de chill bhaictéarach thipiciúil.
 - Ainmnigh an modh atáirgthe éighnéasaigh a léiríonn baictéir.
 - Déan cur síos ar an bpróiseas atáirgthe éighnéasaigh sin i mbaictéir.
 - Sa léaráid thíos, taispeántar cuar fáis tipicúil na miocrorgánach;
 - Ainmnigh gach ceann de chéimeanna an chuair fáis a bhfuil na lipéid A, B agus C orthu.
 - Cén lipéad a bheadh oiriúnach i gcomhair na Y-aise?




- (v) Déan cóip den chuar fáis i do fhreagarleabhar, agus ar do léaráid léirigh an uair is dóichí a tharlódh giniúint ionspór.

15. Freagair **dhá** cheann ar bith de (a), (b), (c).

(30, 30)

- (a) Táirgeann plandaí ceimiceáin ar a dtugtar rialaitheoirí fáis, amhail áicsin, chun trópachtaí a rialú.
- Cad is trópacht ann?
 - Cén áit, go beacht, i bplandaí a dtáirgtear áicsiní?
 - Cén tairbhe, go beacht, atá ann don phlanda go bhfuil fótatrífacht dhearfach sa phéacán?
 - Tabhair dhá úsáid a bhaintear as rialaitheoirí fáis plandaí sa talmhaíocht nó sa ghairneoireacht.
 - Sa ghráf thíos, taispeántar na torthaí ó iniúchadh a rinne mac léinn ar an éifeacht a bhíonn ag leibhéil tiúchana éagsúla IAA ar fhás fréamhacha agus péacán plandaí. Déan comparáid idir éifeachtaí na leibhéil tiúchana éagsúil IAA ar fhás na bhfréamhacha agus ar fhás na bpéacán.



- (vi) Tabhair **dhá** chúis go meastar gníomhú áicsine a bheith cosúil le gníomhú hormóin i gcorp an duine.

- (b) Víreas is ea papalómaivíreas daonna (HPV) atá in ann cealla a ionfhabhtú, agus is é is cúis le hailsí áirithe i bhfireannaigh agus i mbaineannaigh. Táthar tar éis vacsaín a tháirgeadh chun ionfhabhtú de bharr papalómaivíreas daonna a chosc, agus tá sé ar fáilanois do gach mac léinn atá sa chéad bhlian sna scoileanna dara leibhéal in Éirinn. Sa vacsaín tá cáithní, nach dtagann ach ó chóta an víris, i dtuaslagán salanda, agus cothaíonn an vaicsín imdhíonacht spreagtha sa duine.
- (i) Cén comhábhar bithcheimiceach a ndéantar cótaí víreasacha as?
 - (ii) Ainmnigh an príomh-chomhábhar ceimiceach eile i víreas.
 - (iii) Cén fáth ar féidir cur síos ar víris mar pharaísítí éigeanta?
 - (iv) Déan cur síos ar conas is féidir le cáithní víris ionfhabhtú agus macasamhlú a dhéanamh i gcealla óstacha.
 - (v) An cumas seasamh in aghaidh ionfhabhtaithe is ea an imdhíonacht. Ainmnigh an **dá** chineál imdhíonachta spreagtha.
 - (vi) De na cineálacha imdhíonachta a d'ainmnigh tú ag (v), cé acu a tharlaíonn tar éis vacsaíniú le vacsaín HPV?
 - (vii) Tabhair difear **amháin** idir na cineálacha imdhíonachta spreagtha a d'ainmnigh tú ag (v).
- (c) Freagair na ceisteanna seo a leanas i dtaobh fréamh planda.
- (i) Tarraing léaráid ina léirítear fadghearradh trí fhréamh tipiciúil.
 - (ii) Cuir lipéad ar **thrí** chrios ar bith ar do léaráid.
 - (iii) Cén chrios ina n-ionsúitear uisce ón ithir?
 - (iv) Ainmnigh an próiseas trína n-ionsúitear uisce ón ithir.
 - (v) Ainmnigh an fíochán a iompraíonn uisce i bhfreamhacha.
 - (vi) Tabhair **dhá** shlí ina bhfuil an fíochán sin in oiriúint chun uisce a iompar.
 - (vii) Beirt eolaithe Éireannacha, Dixon agus Joly, a chéadmhol teoiric na gluaiseachta uisce i bplandaí. Bain úsáid as an teoiric sin chun cur síos ar an meicníocht trína ngluaiseann uisce tríd an bhfíochán sin go dtí na duillí i bplanda.

Ná scríobh aon ní ar an leathanach seo

Ná scríobh aon ní ar an leathanach seo

Bitheolaíocht

Ná tabhair ar ais an ceistpháipéar seo

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt ina leith, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche measúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmháíodh an scrúdpháipéar seo de réir *Alt 53(5) den Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, (2000)*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríoch ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta trí páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.